*Uimhir* 14 *de* 2003

# An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 2003

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 14 *de* 2003

# AN tACHT UM ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA, 2003

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


Alt

1. Léiriú.
2. Caiteachais.
3. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht (Léiriú).
4. Leasú ar alt 4 den Phríomh-Acht (Na haicmí daoine lena mbaineann an tAcht seo).
5. Leasú ar alt 7 den Phríomh-Acht (Ceart ginearálta chun íocaíochta iomarcaíochta).
6. Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht (Briseadh ag fostóir).
7. Leasú ar alt 17 den Phríomh-Acht (Fógra i dtaobh é bheith beartaithe fostaí a bhriseadh mar gheall ar iomarcaíocht).
8. Leasú ar alt 25 den Phríomh-Acht (Fostaíocht go hiomlán nó go páirteach lasmuigh den Stát).
9. Leasú ar alt 39 den Phríomh-Acht (An Binse Achomhairc Iomarcaíochta agus achomhairc agus tarchur chuige).
10. Socruithe idirthréimhseacha.
11. Íocaíochtaí iomarcaíochta feabhsaithe.
12. Leasú ar Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (Méid cnapshuime).
13. Méadú ar phionóis i leith cionta áirithe.
14. Leasú ar alt 10 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1971.
15. Leasú ar alt 6 den Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984.

16. Aisghairm alt 17(4) den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998.

17. Gearrtheideal, tosach feidhme, comhlua agus forléiriú.

---

Na Achtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um Shaoire Uchtaíoch, 1995 | 1995, Uimh. 2 |
| An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001 | 2001, Uimh. 19 |
| Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956 | 1956, Uimh. 46 |
| An tAcht um Ghníomhaireacht Fostaíochta, 1971 | 1971, Uimh. 27 |
| An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 | 1998, Uimh. 21 |
| An tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 | 1946, Uimh. 26 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 | 2001, Uimh. 37 |
| An tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994 | 1994, Uimh. 34 |
| An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 | 2000, Uimh. 5 |
| An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 | 1998, Uimh. 30 |
| An tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 | 1984, Uimh. 21 |
| Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 go 2001 | |
| An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 | 1967, Uimh. 21 |
| An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1971 | 1971, Uimh. 20 |
| An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1979 | 1979, Uimh. 7 |
| Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2001 | |
| An tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993 | 1993, Uimh. 27 |

*Uimhir* 14 *de* 2003

# AN tACHT UM ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA, 2003

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ AN ACHTA UM ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA, 1967, DO LEASÚ AN ACHTA UM ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA, 1971, AN ACHTA UM CHOSAINT FOSTAITHE (DÓCMHAINNEACHT FOSTÓIRÍ), 1984, AN ACHTA LEASA SHÓISIALAIGH (COMHDHLÚTHÚ), 1993 AGUS AN ACHTA UM CHOMHIONANNAS FOSTAÍOCHTA, 1998 AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[15 *Bealtaine*, 2003]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.—**(1) San Acht seo— Léiriú.

ciallaíonn "Aire" an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta;

ciallaíonn "an Príomh-Acht" an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967.

(2) San Acht seo—

(*a*) aon tagairt d'alt is tagairt í d'alt den Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'achtachán éigin eile atá beartaithe, agus

(*b*) aon tagairt d'achtachán, forléireofar í mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán nó faoi aon achtachán dá éis, lena n-áirítear an tAcht seo.

**2.—**Leasaítear alt 5 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5): Caiteachais.

"(6) Íocfar leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta as an gCiste Árachais Shóisialaigh, cibé tráthanna agus i cibé slí a threoróidh an tAire Airgeadais, na suimeanna a mheasfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ar an bhforas ar a gcomhaontóidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an tAire agus an tAire Airgeadais, gur cuid iad de na caiteachais a thabhófar ag cur na nAchtanna seo a leanas in éifeacht—

(*a*) na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 go 2001, agus

(*b*) *na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2003*,

agus déanfar aon suimeanna a íocfar amhlaidh a leithreasú i gcabhair ar airgead a sholáthróidh an tOireachtas chun na hAchtanna dá dtagraítear i míreanna (*a*) agus (*b*) a chur in éifeacht.”.

Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht (Léiriú).

**3.—**Leasaítear alt 2(1) den Phríomh-Acht—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “gnó”:

“ciallaíonn ‘conradh fostaíochta’—

(*a*) conradh seirbhíse nó printíseachta, agus

(*b*) aon chonradh eile trína gcomhaontaíonn pearsa aonair le duine eile, a bhfuil gnó gníomhaireachta fostaíochta de réir bhrí an Achta um Ghníomhaireacht Fostaíochta, 1971 á sheoladh aige agus atá ag gníomhú i gcúrsa an ghnó sin, aon obair nó seirbhís a dhéanamh nó a chomhlíonadh go pearsanta do thríú duine (bíodh nó ná bíodh an tríú duine ina pháirtí sa chonradh),

cibé acu is conradh sainráite nó intuigthe é agus, i gcás é a bheith sainráite, cibé acu is conradh ó bhéal nó i scríbhinn é agus forléireofar tagairtí do ‘conradh’ dá réir sin;”,

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “fostaí”:

“ ciallaíonn ‘fostaí’ duine atá 16 bliana d’aois agus os a chionn agus atá, nó a oibríonn, (nó, i gcás deireadh a bheith leis an bhfostaíocht, a bhí, nó a d’oibrigh), faoi chonradh fostaíochta agus déanfar tagairtí, i ndáil le fostóir, d’fhostaí a fhorléiriú mar thagairtí d’fhostaí atá ar fostú ag an bhfostóir sin agus, chun críocha an Achta seo, measfar duine a shealbhaíonn oifig faoin Stát nó i seirbhís an Stáit (lena n-áirítear státseirbhíseach de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956) a bheith ina fhostaí atá ar fostú ag an Stát nó ag an Rialtas, de réir mar a bheidh, agus measfar oifigeach nó seirbhíseach d’údarás áitiúil, d’údarás cuain, d’Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir, do Bhord Sláinte Limistéar an Tuaiscirt, do Bhord Sláinte Limistéar Chósta an Oirthir, nó do Bhord Sláinte Limistéar an Iardheiscirt, do bhord sláinte nó do choiste gairmoideachais a bheith ina fhostaí atá ar fostú ag an údarás, ag an mbord sláinte nó ag an gcoiste gairmoideachais, de réir mar a bheidh;”,

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “fostóir”:

“ciallaíonn ‘fostóir’, i ndáil le fostaí, an duine lena bhfuil conradh fostaíochta déanta ag an bhfostaí nó dá n-oibríonn an fostaí faoi chonradh fostaíochta (nó, i gcás deireadh a bheith leis an bhfostaíocht, lena raibh conradh fostaíochta déanta ag an bhfostaí nó dar oibrigh an fostaí faoi chonradh fostaíochta), faoi réir an agúis go measfar gurb é fostóir na pearsan aonair an duine a dhlíonn, faoi chonradh fostaíochta dá dtagraítear i mír (*b*) den mhíniú ar ‘conradh fostaíochta’, pá na

pearsan aonair lena mbaineann a íoc i leith na hoibre nó na seirbhíse lena mbaineann,”,

agus

(*d*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “asleagan”:

“ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ comhairle contae, comhairle cathrach nó comhairle baile chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001;”.

Leasú ar alt 4 den Phríomh-Acht (Na haicmí daoine lena mbaineann an tAcht seo).

**4.—**Leasaítear alt 4 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Beidh feidhm ag an Acht seo maidir le fostaí ar fostú i bhfostaíocht ab inárachaithe le haghaidh na sochar go léir faoin Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993 murach gur fostaíocht eiscthe de bhua mhír 2, 4 nó 5 de Chuid II den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht sin an fhostaíocht lena mbaineann.”.

Leasú ar alt 7 den Phríomh-Acht (Ceart ginearálta chun íocaíochta iomarcaíochta).

**5.—**Leasaítear alt 7(2) den Phríomh-Acht trí “más rud é, ar chúis amháin nó níos mó nach mbaineann leis an bhfostaí sin, gurb inchurtha” a chur in ionad “más inchurtha”.

Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht (Briseadh ag fostóir).

**6.—**Leasaítear alt 9(1) den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

“(*b*) más conradh ar feadh téarma shocraithe nó chun críche sonraithe (is críoch de chineál go raibh teorainn ama le ré an chonartha ach nárbh fhéidir, tráth déanta an chonartha, a ré a chinntiú) an conradh faoina bhfuil an fostaí fostaithe ag an bhfostóir, go n-éagfaidh an téarma sin nó go scoirfidh an chríoch sin gan é nó í a athnuachan faoin gconradh céanna nó faoi chonradh dá shórt, nó”.

Leasú ar alt 17 den Phríomh-Acht (Fógra i dtaobh é bheith beartaithe fostaí a bhriseadh mar gheall ar iomarcaíocht).

**7.—**Leasaítear alt 17 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a scriosadh:

“agus cóip den fhógra sin a chur chuig an Aire”,

(*b*) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a cur in ionad mhíreanna (*b*) agus (*c*):

“(*b*) modh seirbheála an fhógra.”,

agus

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Féadfar fógra faoin alt seo, deimhniú iomarcaíochta agus éileamh ar lacáiste faoi alt 36 a chur le chéile in aon doiciméad amháin.”.

Leasú ar alt 25 den Phríomh-Acht (Fostaíocht go hiomlán nó go páirteach lasmuigh den Stát).

**8.—**Leasaítear alt 25 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (2), trí “mura rud é go raibh an fostaí, díreach sular thosaigh sé ag obair lasmuigh den Stát, inárachaithe le haghaidh na sochar go léir faoin Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993 nó go mbeadh an fostaí inárachaithe le haghaidh na sochar

go léir den sórt sin murach gurbh fhostaíocht eiscthe de bhua mhír 2, 4 nó 5 de Chuid II den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht sin an fhostaíocht lena mbaineann agus go raibh an fostaí" a chur in ionad "mura raibh, díreach sular thosaigh sé ag obair lasmuigh den Stát, sainchónaí air sa Stát agus é", agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) Aon fhostaí a d'oibrigh faoi chonradh fostaíochta lasmuigh den Stát agus a bhí ag obair sa Stát ar feadh dhá bhliain ar a laghad díreach roimh dháta foirceanta na fostaíochta lena mbaineann, beidh sé i dteideal íocaíochta iomarcaíochta i leith a chuid fostaíochta go léir leis an bhfostóir lena mbaineann.".

Leasú ar alt 39 den Phríomh-Acht (An Binse Achomhairc Iomarcaíochta agus achomhairc agus tarchur chuige).

**9.—**Leasaítear alt 39(2) den Phríomh-Acht i mír (*b*), trí "a mbeidh, sula gceapfar iad, taithí 5 bliana ar a laghad ag gach duine acu mar abhcóide cleachtach nó mar aturnae cleachtach" a chur isteach i ndiaidh "ar a mhéid".

Socruithe idirthréimhseacha.

**10.—**(1) Leasaítear mír 1 de Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(*a*) i bhfomhír (*a*), trí "dhá sheachtain" a chur in ionad "leath", agus

(*b*) i bhfomhír (*b*), trí "dhá sheachtain" a chur isteach i ndiaidh "toradh".

(2) Ar thosach feidhme *alt 11*, scoirfidh an t-alt seo d'éifeacht a bheith leis.

Íocaíochtaí iomarcaíochta feabhsaithe.

**11.—**Leasaítear Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

"MÉID CNAPSHUIME

1. (1) Beidh méid na cnapshuime comhionann lena gcomhshuim seo a leanas:

(*a*) toradh dhá sheachtain gnáth-luach saothair sheachtainiúil an fhostaí agus an uimhir blianta fostaíochta leanúnaí ón dáta a shlánaigh an fostaí 16 bliana d'aois faoin bhfostóir arb ina fhostaíocht a bhí an fostaí ar dháta an bhriste nó ag a raibh an fostaí fostaithe nuair a thug an fostaí fógra go raibh beartaithe aige éileamh a dhéanamh faoi alt 12, agus

(*b*) suim is comhionann le gnáth-luach saothair seachtainiúil an fhostaí.

(2) Le linn méid na cnapshuime a ríomh, is é an méid sa bhliain a bheidh le cur i gcuntas an méid a bheidh i bhfeidhm faoi alt 4(2) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1979 an tráth a dhearbhófar an fostaí a bheith iomarcach.

2. Mura slánuimhir blianta méid iomlán na seirbhíse inríofa, déanfar na laethanta "breise" a chreidiúnú mar chion de bhliain.

3. (*a*) D'fhonn an uimhir blianta fostaíochta leanúnaí a chinneadh chun críocha mhír 1, déanfar an uimhir seachtainí sa tréimhse fostaíochta leanúnaí a chinneadh de réir an Sceidil seo agus roinnfear an toradh ar 52.

(*b*) Nuair a bheidh an uimhir seachtainí sa tréimhse fostaíochta leanúnaí á cinneadh, déanfar neamhshuim de sheachtain nach inlamháilte faoin Sceideal seo mar sheirbhís inríofa.”.

Leasú ar Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (Méid cnapshuime).

**12.—**Leasaítear Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 5:

“5. I gcás inar bearnaíodh tréimhse sheirbhíse fostaí ag aon tréimhse acu seo a leanas—

(*a*) aon tréimhse mar gheall ar cheann de na nithe seo a leanas—

(i) tinneas,

(ii) asleagan,

(iii) laethanta saoire,

(iv) seirbhís ag an bhfostaí in Óglaigh Cúltaca an Stáit,

(v) aon chúis (seachas an fostaí d’fhágáil na fostaíochta lena mbaineann go toildheonach) nach luaitear i gclásail (i) go (iv) ach a d’údaraigh an fostóir,

(*b*) tréimhse a bhí tuismitheoir uchtála as láthair ó obair le linn a bheith ar shaoire uchtaíoch nó ar shaoire uchtaíoch bhreise faoin Acht um Shaoire Uchtaíoch, 1995,

(*c*) tréimhse a bhí fostaí as láthair ó obair le linn a bheith—

(i) ar shaoire mháithreachais bhreise, ar shaoire chosantach nó ar asláithreacht chúraim breithe de réir bhrí an Achta um Chosaint Mháithreachais, 1994,

(ii) ar shaoire do thuismitheoirí nó ar shaoire *force majeure* de réir bhrí an Achta um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998, nó

(iii) ar shaoire cúramóra de réir bhrí an Achta um Shaoire Cúramóra, 2001,

(*d*) tréimhse a bhí fostaí as láthair ó obair mar gheall ar fhrithdhúnadh ag an bhfostóir nó mar gheall ar an bhfostaí a bheith páirteach i stailc, cibé acu roimh thosach feidhme an Achta seo nó dá éis sin a bhí sé as láthair amhlaidh,

ní bheidh leanúntas fostaíochta briste ag an mbearnú sin cibé acu a bheidh nó nach mbeidh fógra d’fhoirceannadh an chonartha fostaíochta tugtha.”,

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 8:

“8.Le linn na tréimhse 3 bliana dar críoch an dáta foirceanta fostaíochta, agus le linn na tréimhse sin amháin, ní bheidh aon cheann de na hasláithreachtaí seo a leanas inlamháilte mar sheirbhís inríofa—

(*a*) asláithreacht is faide ná 52 sheachtain chomhleanúnacha mar gheall ar thionóisc cheirde nó galar ceirde de réir bhrí an Achta Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993,

(b) asláithreacht is faide ná 26 sheachtain chomhleanúnacha mar gheall ar aon bhreoiteacht nach dtagraítear di i bhfomhír (*a*),

(*c*) asláithreacht mar gheall ar asleagan ag an bhfostóir.

8A. Beidh na hasláithreachtaí seo a leanas inlamháilte mar sheirbhís inríofa:

(*a*) tréimhse a bhí tuismitheoir uchtála as láthair ó obair le linn a bheith ar shaoire uchtaíoch faoin Acht um Shaoire Uchtaíoch, 1995,

(*b*) tréimhse a bhí fostaí as láthair ó obair le linn a bheith—

(i) ar shaoire mháithreachais bhreise, ar shaoire chosantach nó ar asláithreacht chúraim breithe de réir bhrí an Achta um Chosaint Mháithreachais, 1994,

(ii) ar shaoire do thuismitheoirí nó ar shaoire *force majeure* de réir bhrí an Achta um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998, nó

(iii) ar shaoire cúramóra de réir bhrí an Achta um Shaoire Cúramóra, 2001,

(c) aon asláithreachtaí nach luaitear i míreanna (*a*) nó (*b*) ach a d'údaraigh an fostóir.",

agus

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 10:

"10.Le linn na tréimhse 3 bliana dar críoch an dáta foirceanta fostaíochta, agus le linn na tréimhse sin amháin, ní bheidh asláithreacht ó obair mar gheall ar stailc sa ghnó nó sa tionscal ina bhfuil an fostaí lena mbaineann ar fostú inlamháilte mar sheirbhís inríofa.".

Méadú ar phionóis i leith cionta áirithe.

**13.—**Leasaítear an Príomh-Acht—

(*a*) in alt 17(3), trí "€3,000" a chur in ionad "£300",

(*b*) in alt 18(4), trí "€3,000" a chur in ionad "£300", agus

(*c*) in alt 36(3), trí "€3,000" a chur in ionad "£300".

Leasú ar alt 10 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1971.

**14.—**Leasaítear alt 10 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1971, i mír (*c*), trí "nó an ráta pá íosta náisiúnta san uair, arna dhearbhú le hordú faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000, a chlárú," a chur isteach i ndiaidh "faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1946,".

Leasú ar alt 6 den Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984.

**15.—**Leasaítear an tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984—

(*a*) in alt 6(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iii):

"(iii) de rogha an fhostaí—

(I) aon mhéid a cheanglaítear ar an bhfostóir a íoc, de bhua dámhachtana faoi alt 12 d'Acht 1973 arna déanamh tráth nach luaithe ná tosach na tréimhse iomchuí, le

haghaidh na tréimhse fógra a cheanglaítear le halt 4 d'Acht 1973 nó de bhíthin gur mhainnigh an fostóir sin an fógra a thabhairt a cheanglaítear leis an alt sin 4, nó

(II) aon ghnáth-luach saothair seachtainiúil neamhíoctha a mbeidh sé deimhnithe ag an oifigeach iomchuí gurb é an méid gnáth-luach saothair sheachtainiúil atá dlite don fhostaí é in ionad an fhógra reachtúil a fhorordaítear in alt 4 d'Acht 1973,",

(*b*) in alt 6(9), i mír (*a*), trí "i bhfomhír (iii)(I)," a chur in ionad "i bhfomhír (iii),", agus

(*c*) in alt 6(9), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*a*):

"(*aa*) i ndáil le fiach dá dtagraítear i bhfomhír (iii)(II), an dáta foirceanta fostaíochta,".

Aisghairm alt 17(4) den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998.

**16.—**Aisghairtear alt 17(4) den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998.

Gearrtheideal, tosach feidhme, comhlua agus forléiriú.

**17.—**(1) Féadfar an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 2003 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire, le hordú nó le horduithe, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

(3) Féadfar na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2003 a ghairm den Acht seo agus de na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2001 le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

Wt. 108295. 42. 7/23. Essentra. (94026). Gr.30-15.

9 781399 304085